

CINNTÍ

CINNEADH (AE) 2022/2128 ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH

an 27 Deireadh Fómhair 2022

lena leasaítear Cinneadh (AE) 2019/1311 maidir leis an tríú sraith d'oibríochtaí athmhaoinithe spriocdhírthe fadtéarmacha (BCE/2019/21) (BCE/2022/37)

TÁ COMHAIRLE RIALAITHE AN BHAINC CEANNAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhleasc d'Airteagal 127(2) de,

Ag féachaint do Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhleasc d'Airteagal 3.1, Airteagail 12.1, 12.1, 14.3, 18.1 agus an chéad mhír d'Airteagal 34.1 de,

Ag féachaint do Treoirlíne (AE) 2015/510 ón mBanc Ceannais Eorpach an 19 Nollaig 2014 maidir le creat beartais airgeadaíochta an Eurochórais a chur chun feidhme (Treoirlíne maidir le Doiciméadacht Ghinearálta) (BCE/2014/60) ⁽¹⁾.

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) De bhun Airteagal 1(4) de Threoirlíne (AE) 2015/510 (BCE/2014/60), féadfaidh an Chomhairle Rialaithe, tráth ar bith, na huirlisí, na hionstraimí, na ceanglais, na critéir agus na nósanna imeachta maidir le cur chun feidhme oibríochtaí beartais airgeadaíochta an Eurochórais a athrú.
- (2) An 22 Iúil 2019, agus a shainordú maidir le cobhsaíocht praghsanna á saothrú aici agus coinníollacha fabhracha iasachtaithe bainc a chaomhnú agus tacú le seasamh réidh an bheartais airgeadaíochta sna Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu, ghlac an Chomhairle Rialaithe Cinneadh (AE) 2019/1311 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2019/21) ⁽²⁾. Déantar foráil sa Chinneadh seo maidir leis an tríú sraith d'oibríochtaí athmhaoinithe spriocdhírthe fadtéarmacha (TLTROanna-III) a bheidh le déanamh sa tréimhse ó Mheán Fómhair 2019 go mí an Mhárta 2021.
- (3) Ó glacadh Cinneadh (AE) 2019/1311 (BCE/2019/21), rinneadh paraiméadair agus coinníollacha TLTROanna-III a athchalabhrú roinnt uaireanta, de réir mar a mheastar a bheith riachtanach agus iomchuí i bhfianaise na rioscaí do chobhsaíocht praghsanna, an tsásra tarchurtha beartais airgeadaíochta agus an ionchais eacnamaíoch sa limistéar euro a bhí ann ag an am. Rinneadh na coigeartuithe sin i dtimpeallacht dhíbhoilscitheach, lena n-éilítear seasamh beartais airgeadaíochta atá thar a bheith réidh chun cobhsaíocht praghsanna a áirithiú sa mheántearma. Go háirithe, an 12 Meán Fómhair 2019, d'fhonn coinníollacha fabhracha iasachtaithe bainc a chaomhnú, tarchur rianúil an bheartais airgeadaíochta sna Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu a áirithiú agus chun tacú le seasamh réidh an bheartais airgeadaíochta, chinn an Chomhairle Rialaithe paraiméadair áirithe TLTROanna-III a athrú, lena n-áirítear aibíocht na n-oibríochtaí uile a mhéadú ó dhá bhliain go trí bliana agus foráil a dhéanamh maidir le laghdú ar na rátaí úis is infheidhme. An 12 Márta 2020, chun tacú le hiasachtaí bainc dóibh siúd is mó atá thíos le leathadh ghalar an choróinvíris (COVID-19), go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide, chinn an Chomhairle Rialaithe paraiméadair áirithe TLTROanna-III a athrú, lena n-áirítear an líuntas iasachta a mhéadú. Thairis sin, an 30 Aibreán 2020, chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt do sholáthar creidmheasa do theaghlaigh agus do ghnólachtaí i bhfianaise an tsuaite eacnamaíoch agus na héiginnteachta méadaithe, chinn an Chomhairle Rialaithe foráil a dhéanamh do laghdú sealadach breise ar na rátaí úis a chuirtear i bhfeidhm maidir le gach TLTROanna-III faoi choinníollacha áirithe ⁽³⁾. An 10 Nollaig 2020, chinn an Chomhairle Rialaithe coinníollacha TLTROanna-III a

⁽¹⁾ IO L 91, 2.4.2015, lch. 3

⁽²⁾ Cinneadh (AE) 2019/1311 ón mBanc Ceannais Eorpach an 22 Iúil 2019 maidir le tríú sraith d'oibríochtaí athmhaoinithe spriocdhírthe fadtéarmacha (BCE/2019/21) (IO L 204, 2.8.2019, lch. 100).

⁽³⁾ Le Cinneadh (AE) 2020/407 ón mBanc Ceannais Eorpach an 16 Márta 2020 lena leasaítear Cinneadh (AE) 2019/1311 maidir leis an tríú sraith d'oibríochtaí athmhaoinithe spriocdhírthe fadtéarmacha (BCE/2020/13) (IO L 80, 17.3.2020, lch. 23) agus Cinneadh (AE) 2020/614 ón mBanc Ceannais Eorpach an 30 Aibreán 2020 lena leasaítear Cinneadh (AE) 2019/1311 maidir leis an tríú sraith d'oibríochtaí athmhaoinithe fadtéarmacha spriocdhírthe (BCE/2020/25) (IO L 141, 5.5.2020, lch. 28), cuirtear na hathruithe sin chun feidhme.

athchalabrá tuilleadh agus é mar aidhm leo rannchuidiú le dálaí fabhracha maoiniúcháin a chaomhnú le linn thréimhse na paidéime, agus ar an gcaoi sin tacú le sreabhadh creidmheasa chuig gach eanáil den gheilleagar, taca a chur faoi ghníomhaíocht eacnamaíoch agus cobhsaíocht mheántéarmach praghsanna a chosaint. Go háirithe, chinn sé síneadh a chur leis an thréimhse a bhfuil feidhm ag téarmaí i bhfad níos fabhraí maidir le Meitheamh 2022, trí oibríocht bhreise a dhéanamh idir Meitheamh agus Nollaig 2021, agus an méid iomlán a bhfuil rannpháirtithe i dteideal iasachtaí a fháil in TLTRONna-III a ardú. Ag an am sin, chuir an Chomhairle Rialaithe in iúl go raibh sí réidh i gcónaí chun a cuid ionstraimí go léir a choigeartú, de réir mar is iomchuí, chun a áirithiú go n-aistroidh boilsciú i dtreo a aidhme ar bhealach marthanach, i gcomhréir lena tiomantas siméadrachta (*).

- (4) Bhí ról lárnach ag TLTRONna-III, mar a choigeartaítear iad nuair a bhí údar leis, maidir le cobhsaíocht praghsanna a choinneáil go háirithe le linn chéim ghéar na paidéime trí dhálaí fabhracha maoiniúcháin a chaomhnú i dtimpeallacht dhíbhóilscitheach agus trí thacú le seasamh réidh an bheartais airgeadaíochta is gá chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí tromchúiseacha ar an taobh thíos don gheilleagar agus do chobhsaíocht praghsanna. Le linn na thréimhse sin, dheonaigh an Banc Ceannais Eorpach (BCE) coinníollacha fíorghabhracha maoinithe d'institiúidí creidmheasa rannpháirteacha trí TLTRONna-III, d'fhonn iasachtú don fhíorgheilleagar a chothú tráth a raibh dianstrus ann.
- (5) Mar gheall ar an méadú tapa gan choinne ar an mboilsciú go leibhéil nach bhfacthas a leithéid riamh ó tugadh isteach an euro, go príomha mar gheall ar chostais arda fuinnimh agus easnaimh soláthair nach rabhtas ag súil leo, agus mar gheall ar an athbhreithniú suntasach aníos san ionchas do bhoilsciú meántéarmach ó dheireadh 2021 i leith, tá gá le hathmheasúnú bunúsach ar an seasamh iomchuí maidir leis an mbeartas airgeadaíochta. Tá méadú mór tagtha ar phraghsanna fuinnimh agus tráchtearraí tar éis ionradh na Rúise ar an Úcráin agus chuir an suaitheadh trádála a tháinig as sin le scrogaill soláthair, le héiginnteacht mhéadaithe agus le brúnna boilscithe níos déine ar fud na n-earnálacha. Níorbh fhéidir an t-athrú ollmhór sin ar imthosca a thuar ach oiread nuair a bunaíodh TLTRONna-III nó nuair a athchalabraíodh a ndálaí agus nuair a bhí siad ina gcúis, go pointe áirithe, le suaití seachtracha. Is gá coigeartuithe a dhéanamh ar sheasamh an bheartais airgeadaíochta agus athchalabrá a dhéanamh ar na hionstraimí beartais airgeadaíochta go léir, lena n-áirítear TLTRONna-III, mar gheall ar an athrú sin gan choinne ar imthosca nach bhfacthas a leithéid riamh, ar measa fós é mar gheall ar dhrochiarmhairtí eacnamaíochta ionradh na Rúise ar an Úcráin. Go háirithe, tá tús áite tugtha ag an gComhairle Rialaithe do normalú beartais airgeadaíochta chun a áirithiú go gcobhsóidh boilsciú ag an sprioc 2 % sa mheántearma i gcomhréir le sainordú BCE maidir le cobhsaíocht praghsanna. Ó mhí na Nollag 2021 i leith, chinn an Chomhairle Rialaithe deireadh a chur le glancheannacháin sócmhainní faoin gClár Ceannaithe Sócmhainní agus faoin gClár Ceannaithe d'Éigeandáil na Paidéime agus, ina dhiaidh sin, príomhrátaí beartais BCE a mhéadú 200 bhonnphointe comhiomlán go dtí seo.
- (6) Cé go ndearnadh an méadú ar na príomhrátaí beartais a tharchur go réidh go dtí seo chuig teaghlaigh agus chuig gnólachtaí sa limistéar euro, is gá, mar gheall ar na cúinsí atá ann faoi láthair, dlús breise a chur le tarchur an bheartais rátaí chuig coinníollacha maoinithe ar bhonn níos leithne. Tugtar le tuiscint le téarmaí praghsála TLTRONna-III atá ann cheana go bhfuil an ráta úis is infheidhme nasctha leis an ráta saoráide taise nó leis an ráta ar na príomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin le linn shaolré iomlán na hoibríochta faoi seach, roimh agus tar éis an dá thréimhse ráta úis speisialta idir an 24 Meitheamh 2020 agus an 23 Meitheamh 2022. Tá sé sin ag cur moill ar normalú na gcoinníollacha iasachtaithe bainc agus tá sé ag cur bac ar chumas BCE a shainordú maidir le cobhsaíocht praghsanna a chomhlíonadh. Go deimhin, de réir mar a ardaítear rátaí beartais, ní choigeartaítear ráta TLTRONna-III ach de réir a chéile. Dá bhrí sin, is beag dreasachtaí a thugann na coinníollacha TLTRONna-III atá ann faoi láthair d'institiúidí creidmheasa rannpháirteacha chun a méideanna TLTRONna-III gan íoc a aisíoc go luath. Cuidíonn na coinníollacha TLTRONna-III atá ann faoi láthair freisin le clár comhardaithe níos mó de chuid an Eurochórais a choinneáil, clár a oibríonn i gcoinne normalú an bheartais airgeadaíochta atá beartaithe. Is amhlaidh atá toisc gur comhartha tábhachtach é méid chlár comhardaithe bainc ceannais den mhéid cóiríochta a chuirtear ar fáil don gheilleagar leis an mbeartas airgeadaíochta agus go mbíonn tionchar díreach aige ar chostas leachtachta sa mhargadh. Dá bhrí sin, dá ndéanfaí coigeartú i dtéarmaí agus coinníollacha TLTRONna-III lena gcuirfí deireadh leis an díspregadh do rannpháirtithe a suimeanna TLTRONna-III gan íoc a aisíoc go luath, bheadh sé i bhfabhar clár comhardaithe an Eurochórais a laghdú, rud a d'fhágfadh go mbeadh sé i gcomhréir níos mó leis an seasamh reatha maidir leis an mbeartas airgeadaíochta. Dá bhrí sin, leis an gcoigeartú i dtéarmaí agus coinníollacha TLTRONna-III, saothraítear an cuspóir cobhsaíocht praghsanna a choinneáil trí normalú na gcoinníollacha maoiniúcháin agus trí chlár comhardaithe an Eurochórais a laghdú.

(*) Le Cinneadh (AE) 2021/124 ón mBanc Ceannais Eorpach an 29 Eanáir 2021 lena leasaítear Cinneadh (AE) 2019/1311 maidir leis an tríú sraith d'oibríochtaí athmhaoinithe spriocdhírthe fadtéarmacha (BCE/2021/3) (IO L 38, 3.2.2021, lch. 93), cuirtear na hathruithe sin chun feidhme.

- (7) An 27 Deireadh Fómhair 2022, chinn an Chomhairle Rialaithe bearta breise beartais airgeadaíochta a ghlacadh arb é is aidhm dóibh a áirithiú go bhfillfear boilsciú go tráthúil ar sprioc mheántearma BCE 2 %. Measann an Chomhairle Rialaithe go bhfuil raon iomlán na mbearta a ghlacadh an 27 Deireadh Fómhair 2022 riachtanach agus comhréireach chun an seasamh beartais airgeadaíochta is iomchuí a chur chun feidhme chun cobhsaíocht praghsanna a athbhunú sa mheántearma. Mar chuid den phacáiste seo, ba cheart an ráta úis atá le cur i bhfeidhm ar gach TLTRO-III gan íoc faoi seach a ríomh mar seo a leanas: ón 23 Samhain 2022 ar aghaidh agus go dtí dáta aibíochta nó go dtí dáta luath-aisíocaíochta gach TLTRO-III atá gan íoc faoi seach, ba cheart an ráta úis a innéacsú leis na príomhrátaí úis is infheidhme de chuid BCE le linn na tréimhse sin, i gcomparáid le saolré gach TLTRO-III faoi seach, chun aistriú iomchuí normalú an bheartais airgeadaíochta a bhunú.
- (8) Meastar go bhfuil sé oiriúnach ráta úis TLTRONna-III a nascadh leis an meánráta saoráide taise nó leis an meánráta ar na príomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin le haghaidh aibíocht iarmhair TLTRONna-III chun dlús a chur le dálaí maoiniúcháin a normalú agus clár comhardaithe an Eurochórais a laghdú, chun an cuspóir maidir le cobhsaíocht praghsanna a chothabháil a bhaint amach. Meastar go méadóidh an beart sin costais chistiúcháin na mbanc, rud a chuideoidh le cobhsaíocht praghsanna a athbhunú go tráthúil sa timpeallacht bhoilscithe atá ann faoi láthair. Ina theannta sin, meastar go mbeidh éifeacht neamhdhiomaibhseach ag an méadú ar chostais chistiúcháin bainc mar thoradh ar athchalabhrú coinníollacha TLTRONna-III ar rátaí iasachtaithe. I ndeireadh na dála, meastar go mbeidh tionchar suntasach ag na hathruithe ar choinníollacha TLTRONna-III ar rátaí iasachtaithe bainc ar bhoilsciú sa mheántearma. Thairis sin, leis na hathruithe ar choinníollacha TLTRONna-III, táthar ag súil freisin go gcuirfear deireadh le díspregthaí maidir le hiasachtaí TLTRONna-III gan íoc a aisíoc go luath ag institiúidí iasachtaí rannpháirteacha, rud a laghdóidh clár comhardaithe an Eurochórais agus a chuirfidh le normalú foriomlán an bheartais airgeadaíochta.
- (9) Ní théann an ráta úis TLTRONna-III a nascadh leis an meánráta saoráide taise nó an meánráta ar na príomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin le haghaidh aibíocht iarmhair na hoibríochta TLTRO-III thar a bhfuil riachtanach. Níl sé chomh hionsáiteach céanna agus ag an am céanna bearta beartais airgeadaíochta atá chomh héifeachtúil céanna chun an cuspóir a bhaint amach maidir le dálaí maoinithe a normalú agus clár comhardaithe an Eurochórais a laghdú. Thairis sin, an dul chun cinn atá ag teastáil i dtreo coinníollacha airgeadaíochta agus maoinithe níos déine nach bhféadfaí praghsáil choigeartaithe TLTRO-III a bhaint amach ar bhealach níos éifeachtúla trí bhithin rátaí a ardú.
- (10) Maolaítear aon drochthionchar féideartha a d'fhéadfadh a bheith ag na hathruithe atá beartaithe ar institiúidí creidmheasa rannpháirteacha tríd an bpraghsáil fhabhrach is infheidhme faoi láthair a chaomhnú go dtí an 22 Samhain 2022, trí dhátaí luatha aisíocaíochta breise a thabhairt isteach ar a bhféadfadh na hinstiúidí sin a méideanna TLTRONna-III gan íoc a aisíoc, trína ndóthain ama a thabhairt dóibh chun a meascán cistiúcháin a athbhreithniú sula dtiocfaidh na hathruithe i bhfeidhm agus trí leanúint de ráta úis a thairiscint ar TLTRO-III atá fabhrach, fiú tar éis an athraithe, i gcomparáid le roghanna cistiúcháin margadhbhunaithe. Ar mhaithe le comhréireacht, ba cheart ríomh an ráta úis atá ann cheana a choinneáil don tréimhse ó dháta socraíochta gach TLTRO-III faoi seach go dtí an 22 Samhain 2022. Thairis sin, ba cheart trí dháta luathíocaíochta deonacha bhreise a thabhairt isteach chun deiseanna breise a chur ar fáil do rannpháirtithe TLTRO-III chun méid TLTRO-III faoi seach a fhoirceannadh nó a laghdú roimh aibíocht. .
- (11) I bhfianaise a thábhachtaí atá sé cobhsaíocht praghsanna a chothabháil, tá sé ríthábhachtach praghsáil TLTRONna-III a athrú a luaithe is féidir agus gan bearta idirthréimhseacha chun na cuspóirí atá beartaithe a bhaint amach, is é sin na cuspóirí atá beartaithe a bhaint amach, is é sin normalú luathaithe ar dhálaí maoiniúcháin a spreagadh agus clár comhardaithe an Eurochórais a laghdú. Dá nglacfaí bearta idirthréimhseacha, ní bheadh na hathruithe chomh héifeachtúil céanna chun na bainc a spreagadh chun coinníollacha iasachtaithe a normalú agus bheadh bac láidir ar aisíocaíochtaí deonacha luatha, agus bheadh an baol ann freisin go mbeadh an comhartha beartais a chuirtear in iúl leis an mbearta doiléir. Dá bhrí sin, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne.
- (12) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (AE) 2019/1311 (BCE/2019/21) a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe

Leasaítear Cinneadh (AE) 2019/1311 (BCE/2019/21) mar a leanas:

1. Leasaítear Airteagal 1 mar a leanas:

(a) scriostar pointe (23);

(b) cuirtear isteach na pointí seo a leanas:

“(29) ciallaíonn ‘tréimhse ráta úis réamh-SIRP’ an tréimhse ó dháta socraíochta an TLTROanna-III faoi seach go dtí an 23 Meitheamh 2020, is é sin, an tréimhse ráta úis díreach roimh an tréimhse ráta úis speisialta (SIRP);

(30) ciallaíonn ‘tréimhse ráta úis iar-bhreislúacha ráta úis speisialta’ (tréimhse ráta úis iar-ASIRP) an tréimhse ón 24 Meitheamh 2022 go dtí an ceann is luaithe den 22 Samhain 2022, dáta aibíochta TLTRO-III faoi seach nó dáta luath aiséocáíochta an TLTRO-III faoi seach, de réir mar is infheidhme, is é sin, an tréimhse ráta úis díreach tar éis na tréimhse breise ráta úis speisialta;

(31) ciallaíonn ‘príomhthréimhse ráta úis’ an tréimhse ó dháta socraíochta an TLTRO-III faoi seach go dtí an 22 Samhain 2022 nó dáta luath aiséocáíochta an TLTRO-III faoi seach, de réir mar is infheidhme, is é sin an tréimhse lena n-áirítear an tréimhse lena n-áirítear an tréimhse ráta úis réamh-SIRP, an tréimhse ráta úis speisialta, an tréimhse ráta úis speisialta breise agus an tréimhse ráta úis iar-ASIRP;

(32) ciallaíonn ‘tréimhse an ráta úis deiridh’ an tréimhse ón 23 Samhain 2022 go dtí an tréimhse is luaithe de dháta aibíochta an TLTRO-III faoi seach nó dáta luath aiséocáíochta an TLTRO-III lena mbaineann, de réir mar is infheidhme.”;

2. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5:

“Airteagal 5

Ús

1. An ráta úis is infheidhme maidir le méideanna a fhaigheann rannpháirtithe ar iasacht faoi gach ceann de na chéad seacht TLTROanna-III a bhfuil a nglaniasachtú incháilithe le linn na tréimhse tagartha speisialta cothrom lena nglaniasachtú tagarmhairc, nó níos mó ná sin, agus a bhfuil a nglaniasachtú incháilithe le linn na tréimhse tagartha speisialta breise níos ísle ná a nglaniasachtú tagarmhairc, déanfar é a ríomh mar a leanas, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach in Airteagal 6(3a):

(a) le linn na tréimhse ráta úis speisialta, is é a bheidh sa ráta úis an meánráta úis ar an tsaoráid taise le linn na tréimhse sin lúide 50 bonnphointe. Ní bheidh an ráta úis a thiocfaidh as sin níos airde, in aon chás, ná lúide 100 bonnphointe;

(b) i rith na tréimhse ráta úis speisialta breise, gurb é an ráta úis an ráta is ísle de na rátaí seo a leanas:

(i) an meánráta úis ar na príomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin le linn na tréimhse sin lúide 50 bonnphointe;

(ii) an meánráta úis ar an tsaoráid taise thar phríomhthréimhse ráta úis an TLTRO-III faoi seach;

(c) le linn thréimhsí ráta úis réamh-SIRP agus iar-ASIRP an TLTRO-III faoi seach, is é a bheidh sa ráta úis meánráta úis na saoráide taise thar phríomhthréimhse ráta úis an TLTRO-III faoi seach;

(d) le linn thréimhse ráta úis deiridh an TLTRO-III faoi seach, is é a bheidh sa ráta úis meánráta úis na saoráide taise thar an tréimhse sin.

2. An ráta úis is infheidhme maidir le méideanna a fhaigheann rannpháirtithe ar iasacht faoi gach ceann de na chéad seacht TLTROanna-III a bhfuil a nglaniasachtú incháilithe le linn na tréimhse tagartha speisialta agus le linn na tréimhse tagartha speisialta breise níos ísle ná a nglaniasachtú tagarmhairc ach a sáraíonn a nglaniasachtú incháilithe le linn an dara tréimhse tagartha a nglaniasachtú tagarmhairc, déanfar é a ríomh mar seo a leanas:

- (a) i rith na tréimhse ráta úis speisialta, gurb é an ráta úis an ráta is ísle de na rátaí seo a leanas:
- (i) an meánráta úis ar na príomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin le linn na tréimhse sin lúide 50 bonnphointe;
 - (ii) an ráta úis arna ríomh ag brath ar an diall ó mhéid an tagarmhairc gan íoc, mar a leagtar amach i bpointe (c);
- (b) i rith na tréimhse ráta úis speisialta breise, gurb é an ráta úis an ráta is ísle de na rátaí seo a leanas:
- (i) an meánráta úis ar na príomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin le linn na tréimhse sin lúide 50 bonnphointe;
 - (ii) an ráta úis arna ríomh ag brath ar an diall ó mhéid an tagarmhairc gan íoc, mar a leagtar amach i bpointe (c);
- (c) le linn thréimhsí ráta úis réamh-SIRP agus iar-ASIRP an TLTRO-III faoi seach, beidh an ráta úis níos ísle ná an meánráta úis ar na príomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin thar phríomhthréimhse ráta úis an TLTRO-III faoi seach, agus féadfaidh sé a bheith chomh híseal leis an meánráta úis ar an tsaoráid taise thar phríomhthréimhse ráta úis an TLTRO-III faoi seach, ag brath ar dhiall ó mhéid an tagarmhairc gan íoc;
- (d) le linn na tréimhse deiridh ráta úis den TLTRO-III faoi seach, beidh an ráta úis níos ísle ná an meánráta úis ar na príomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin le linn na tréimhse sin, agus d'fhéadfadh sé a bheith chomh híseal leis an meánráta úis ar an tsaoráid taise le linn na tréimhse sin, ag brath ar dhiall an tagarmhairc gan íoc ó mhéid an tagarmhairc.
3. Déanfar an ráta úis is infheidhme maidir le méideanna a fhaigheann rannpháirtithe ar iasacht faoi gach ceann de na chéad seacht TLTRONna-III ag rannpháirtithe a bhfuil a nglaniasachtú incháilithe le linn an dara tréimhse thagartha, an tréimhse thagartha speisialta agus an tréimhse thagartha speisialta bhreise níos ísle ná a nglaniasachtú tagarmhairc, déanfar é a ríomh mar seo a leanas:
- (a) le linn na tréimhse ráta úis speisialta, is é a bheidh sa ráta úis an meánráta úis ar an tsaoráid taise le linn na tréimhse sin lúide 50 bonnphointe.
- (b) le linn na tréimhse ráta úis speisialta breise, is é a bheidh sa ráta úis an meánráta úis ar an bpríomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin le linn na tréimhse sin lúide 50 bonnphointe.
- (c) le linn thréimhsí ráta úis réamh-SIRP agus iar-ASIRP an TLTRO-III faoi seach, is é a bheidh sa ráta úis meánráta úis ar an bpríomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin thar phríomhthréimhse ráta úis an TLTRO-III faoi seach;
- (d) le linn thréimhse ráta úis deiridh an TLTRO-III faoi seach, is é a bheidh sa ráta úis meánráta úis na saoráide taise thar an tréimhse sin.
- 3a. Déanfar an ráta úis is infheidhme maidir le méideanna a fhaigheann rannpháirtithe ar iasacht faoi gach ceann de na chéad seacht TLTRONna-III ag rannpháirtithe a bhfuil a nglaniasachtú incháilithe cothrom lena nglaniasachtú tagarmhairc, nó níos mó ná sin, le linn na tréimhse tagartha speisialta breise, a ríomh mar a leanas, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach in Airteagal 6(3b):
- (a) le linn thréimhse ráta úis réamh-SIRP an TLTRO-III faoi seach, ríomhfar an ráta úis i gcomhréir le mír 1(c), mír 2(c) nó mír 3(c), de réir mar is infheidhme;
- (b) le linn na tréimhse ráta úis speisialta, ríomhfar an ráta úis de réir mhír 1(a), mhír 2(a) nó mhír 3(a), de réir mar is infheidhme;
- (c) le linn na tréimhse ráta úis speisialta breise, is é a bheidh sa ráta úis an meánráta úis ar an tsaoráid taise le linn na tréimhse sin lúide 50 bonnphointe. Ní bheidh an ráta úis a thiocfaidh as sin níos airde, in aon chás, ná lúide 100 bonnphointe;
- (d) le linn thréimhsí ráta úis réamh-SIRP agus iar-ASIRP an TLTRO-III faoi seach, is é a bheidh sa ráta úis meánráta úis na saoráide taise thar phríomhthréimhse ráta úis an TLTRO-III faoi seach;
- (e) le linn thréimhse ráta úis deiridh an TLTRO-III faoi seach, is é a bheidh sa ráta úis meánráta úis na saoráide taise thar an tréimhse sin.

3b. Déanfar an ráta úis is infheidhme maidir le méideanna a fhaigheann rannpháirtithe ar iasacht san ochtú TLTRO-III nó in TLTRONna-III ina dhiaidh sin a bhfuil a nglaniasachtú incháilithe cothrom lena nglaniasachtú tagarmhairc, nó níos mó ná sin, le linn na tréimhse tagartha speisialta breise, a ríomh mar a leanas, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach in Airteagal 6(3b):

- (a) le linn na tréimhse ráta úis speisialta breise, is é a bheidh sa ráta úis an meánráta úis ar an tsaoráid taisce le linn na tréimhse sin lúide 50 bonnphointe. Ní bheidh an ráta úis a thiocfaidh as sin níos airde, in aon chás, ná lúide 100 bonnphointe;
- (b) le linn thréimhsí ráta úis réamh-SIRP agus iar-ASIRP an TLTRO-III faoi seach, is é a bheidh sa ráta úis meánráta úis na saoráide taisce thar príomhthréimhse ráta úis an TLTRO-III faoi seach;
- (c) le linn thréimhse ráta úis deiridh an TLTRO-III faoi seach, is é a bheidh sa ráta úis meánráta úis na saoráide taisce thar an tréimhse sin.

3c. Déanfar an ráta úis is infheidhme maidir le méideanna a fhaigheann rannpháirtithe ar iasacht san ochtú TLTRO-III nó in TLTRONna-III ina dhiaidh sin sin a bhfuil a nglaniasachtú incháilithe cothrom lena nglaniasachtú tagarmhairc, nó níos mó ná sin, le linn na tréimhse tagartha speisialta breise, a ríomh mar a leanas:

- (a) le linn na tréimhse ráta úis speisialta breise, is é a bheidh sa ráta úis an meánráta úis ar an bpríomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin le linn na tréimhse sin lúide 50 bonnphointe.
- (b) le linn thréimhsí ráta úis réamh-SIRP agus iar-ASIRP an TLTRO-III faoi seach, is é a bheidh sa ráta úis meánráta úis na saoráide taisce thar príomhthréimhse ráta úis an TLTRO-III faoi seach;
- (c) le linn thréimhse ráta úis deiridh an TLTRO-III faoi seach, is é a bheidh sa ráta úis meánráta úis na saoráide taisce thar an tréimhse sin.

4. Tá tuilleadh sonraí maidir le ríomhanna ráta úis leagtha síos in Iarscríbhinn I. Déanfar an ráta úis deiridh agus na sonraí ábhartha a bhaineann lena ríomh a chur in iúl do rannpháirtithe i gcomhréir leis an bhféilire tásach le haghaidh TLTRONna-III arna fhoilsiú ar shuíomh gréasáin BCE.

5. Socrófar ús i riaráistí ar aibíocht gach TLTRO-III, nó ar aisíocaíocht luath mar a fhoráiltear di in Airteagal 5a, de réir mar is infheidhme.

6. Más rud é, mar gheall ar fheidhmiú leigheasanna atá ar fáil do BCN i gcomhréir lena shocruithe conarthacha nó rialála, go gceanglaítear ar rannpháirtí méideanna gan íoc a aisíoc i gceann de na chéad seacht TLTRONna-III sula gcuirtear na sonraí úis a bhaineann leis an dara tréimhse tagartha agus leis na tréimhsí tagartha speisialta in iúl don rannpháirtí sin, is é an ráta úis is infheidhme maidir leis na méideanna a fuair an rannpháirtí sin ar iasacht faoi gach ceann de na chéad seacht TLTRONna-III agus faoi réir aisíocaíochtaí éigeantacha: (a) i gcás na tréimhse ráta úis speisialta, an meánráta úis ar na príomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin le linn na tréimhse sin lúide 50 bonnphointe; (b) i gcás na tréimhse breise ráta úis speisialta, an meánráta úis ar na príomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin le linn na tréimhse sin lúide 50 bonnphointe; agus (c) i gcás na tréimhse ráta úis réamhSIRP, an meánráta ar na príomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin thar an bpríomhthréimhse ráta úis den TLTRO-III faoi seach suas go dtí an dáta ar ar cheangail BCN an aisíocaíocht a dhéanamh. Má theastaíonn aisíocaíocht den sórt sin tar éis na sonraí úis a bhaineann leis an dara tréimhse tagartha agus na tréimhsí tagartha speisialta a chur in iúl don rannpháirtí ach sula gcuirfead na sonraí a bhaineann le rátaí úis na tréimhse tagartha speisialta breise in iúl don rannpháirtí, socrófar an ráta úis is infheidhme maidir leis na méideanna a fuair an rannpháirtí ar iasacht faoi gach ceann de na chéad seacht TLTRONna-III agus faoi réir aisíocaíochtaí éigeantacha i gcomhréir le míreanna 1 go 3. Má tá aisíocaíocht den sórt sin ag teastáil tar éis na sonraí a bhaineann le hús na tréimhse tagartha speisialta breise a chur in iúl don rannpháirtí, socrófar an ráta úis is infheidhme maidir leis na méideanna aisíocaíochta riachtanacha a fuair an rannpháirtí sin ar iasacht faoi gach ceann de na chéad seacht TLTRONna-III i gcomhréir le mír 1 go mír 3a.

Más rud é, de bharr fheidhmiú na leigheasanna atá ar fáil do BCN i gcomhréir lena shocruithe conarthacha nó rialála, go bhfuil sé de cheangal ar rannpháirtí méideanna gan íoc a aisíoc san ochtú TLTRO-III nó TLTRONna-III ina dhiaidh sin sula gcuirfead an ráta úis don tréimhse thagartha speisialta bhreise in iúl don rannpháirtí, socrófar an ráta úis is infheidhme maidir leis na méideanna a fuair an rannpháirtí sin ar iasacht san ochtú TLTRO-III nó in TLTRONna-III ina dhiaidh sin agus faoi réir aisíocaíochta éigeantacha i gcomhréir le mír 3c. Má tá aisíocaíocht den sórt sin ag teastáil tar éis

na sonraí a bhaineann le hús na tréimhse tagartha speisialta breise a chur in iúl don rannpháirtí, socrófar an ráta úis is infheidhme maidir leis na méideanna aisíocaíochta riachtanacha a fuair an rannpháirtí sin ar iasacht san ochtú TLTRO-III nó in TLTROnna-III ina dhiaidh sin i gcomhréir le mír 3b agus mír 3c.

7. Má aisíocann contrapháirtithe go deonach méideanna luatha a fuarthas ar iasacht i gceann de na chéad seacht TLTROnna-III i gcomhréir le hAirteagal 5ú sula gcuirfear sonraí na tréimhse tagartha speisialta breise in iúl dóibh, déanfar an ráta úis don tréimhse ráta úis speisialta breise a ríomh i gcomhréir le míreanna 1(b), 2(b) agus 3(b).”;

3. in Airteagal 5a, cuirtear isteach an mhír seo 5 a leanas:

“5. Sa bhreis ar na roghanna aisíocaíochta luaithe dá bhforáiltear i mír 1, beidh sé de rogha ag rannpháirtithe freisin méid na TLTROnna-III lena mbaineann a fhoirceannadh nó a laghdú roimh aibíocht ar aon cheann de na dátaí luath-aisíocaíochta breise seo a leanas:

(a) 23 Samhain 2022;

(b) 25 Eanáir 2023;

(c) 22 Feabhra 2023;

Chun críocha phointe (a) den chéad fhomhír agus de mhaolú ar mhír 3 agus ar mhír 4 a mhéid a bhaineann leis na hamlínte chun fógra a thabhairt i dtaobh luath-aisíocaíocht bheartaithe agus a éifeacht cheangailteach, i gcás ina ndéanfaidh rannpháirtí méid na TLTROnna-III lena mbaineann a fhoirceannadh nó a laghdú an 23 Samhain 2022, tabharfaidh sé fógra don BCN ábhartha seachtain amháin ar a laghad roimh an dáta luathíocaíochta breise a bhfuil sé ar intinn aige a aisíoc ar an dáta breise luath aisíocaíochta sin faoin nós imeachta um aisíocaíocht luath. Beidh an fógra ina cheangal ar an rannpháirtí lena mbaineann seachtain amháin roimh an dáta luath-aisíocaíochta sin.”;

4. In Airteagal 7, mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointí (f) agus (g):

“(f) má mhainníonn rannpháirtí na sonraí a bhaineann leis an tríú tuarascáil nó torthaí mheastóireacht an iniúchóra ar na sonraí a bhaineann leis an tríú tuarascáil a chur ar fáil don BCN ábhartha faoin sprioc-am ábhartha a shonraítear san fhéilire tásach le haghaidh TLTROnna-III a foilsíodh ar shuíomh gréasáin BCE, beidh feidhm ag na rialacha seo a leanas:

(i) má fhaigheann an BCN ábhartha na sonraí a bhaineann leis an tríú tuarascáil nó torthaí mheastóireacht an iniúchóra ar na sonraí sin laistigh den tréimhse 14 lá féilire dar tús an lá tar éis don sprioc-am ábhartha dul in éag, tabhóidh an rannpháirtí pionós EUR 1 000 in aghaidh gach lae go dtí go bhfaighfear pionós arb ionann é agus an méid iomlán gan íoc a fuair an rannpháirtí ar iasacht faoi TLTROnna-III roinnte ar 1 000 000 (nó más lú an méid sin ná EUR 1 000, pionós EUR 1 000 in aghaidh gach lae go dtí go bhfaighfear é). Déanfaidh an BCN íomchuí na pionós arna dtabhú in aghaidh an lae a charnadh agus a mhuirearú ar an rannpháirtí tar éis dó na sonraí go léir a bhaineann leis an tríú tuarascáil nó le meastóireacht an iniúchóra ar na sonraí sin a fháil. Déanfaidh an BCN ábhartha na sonraí a bhaineann le rátaí úis a bhaineann leis an dara tréimhse thagartha a chur in iúl don rannpháirtí an 1 Iúil 2022;

(ii) mura bhfaigheann an BCN ábhartha na sonraí a bhaineann leis an tríú tuarascáil nó torthaí mheastóireacht an iniúchóra ar na sonraí sin laistigh den tréimhse 14 lá féilire a shonraítear i bpointe (i), beidh feidhm ag an ráta úis arna ríomh de bhun Airteagal 5(1)(b) nó Airteagal 5(2)(b) nó Airteagal 5(3)(b) (más rud é go raibh an rannpháirtí rannpháirteach cheana i gceann de na chéad seacht TLTROnna-III) nó de bhun Airteagal 5(3)(a) (má bhí an rannpháirtí rannpháirteach san ochtú TLTRO-III nó in TLTROnna-III ina dhiaidh sin), de réir mar is infheidhme, le linn na tréimhse ráta úis speisialta breise maidir leis na méideanna a fuair an rannpháirtí sin ar iasacht faoi na TLTROnna-III sin. Le linn na tréimhse ráta úis iar-ASIRP, ríomhfar an ráta úis de bhun Airteagal 5(1)(c) nó Airteagal 5(2)(c) nó Airteagal 5(3)(c) nó Airteagal 5(3)(b), de réir mar is infheidhme. Le linn na tréimhse ráta úis iar-ASIRP [den TLTRO-III faoi seach], ríomhfar an ráta úis de bhun Airteagal 5(1)(d) nó Airteagal 5(2)(d) nó Airteagal 5(3)(c) nó Airteagal 5(3)(c), de réir mar is infheidhme. Más é atá sna sonraí a bhaineann leis an tríú tuarascáil nach bhfuair an BCN ábhartha laistigh den tréimhse 14 lá féilire a shonraítear i bpointe (i), tabhóidh an rannpháirtí pionós EUR 5 000 freisin, a ghearrfaidh an BCN ábhartha ar an rannpháirtí tar éis dó na sonraí uile a bhaineann leis an tríú tuarascáil a fháil;

- (g) mura gcomhlíonann rannpháirtí a mhalairt na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 6(6) nó in Airteagal 6(7) nó in Airteagal 6(8a), beidh feidhm ag an meánráta ar na príomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin thar phríomhthréimhse ráta úis gach TLTRO-III faoi seach maidir leis na méideanna a fuair an rannpháirtí ar iasacht faoi TLTRONna-III, ach amháin le linn na tréimhse ráta úis speisialta agus na tréimhse breise ráta úis speisialta ina mbeidh feidhm ag an meánráta ar na príomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin lúide 50 bonnphointe thar gach tréimhse den sórt sin, agus ach amháin le linn thréimhse ráta úis deiridh an TLTRO-III faoi seach i gcás ina mbeidh feidhm ag meánráta na bpríomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin thar thréimhse úis deiridh an TLTRO-III faoi seach;”;

5. Leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 8 Samhain 2022.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, an 27 Deireadh Fómhair 2022.

Uachtarán BCE
Christine LAGARDE

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (AE) 2019/1311 (BCE/2019/21) mar a leanas:

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn 3:

“3. An ráta úis a ríomh

- A. Comharthaítear le $NL_{Special}$ méid na glanfhála ar iasacht incháilithe ar feadh na tréimhse tagartha speisialta ón 1 Márta 2020 go dtí an 31 Márta 2021.

$$NL_{Special} = NL_{Mar\ 2020} + \dots + NL_{Mar\ 2021}$$

- B. Comharthaítear le $NL_{ADSpecial}$ méid na glanfhála ar iasacht incháilithe ar feadh na tréimhse tagartha speisialta breise ón 1 Deireadh Fómhair 2020 go dtí an 31 Nollaig 2021.

$$NL_{ADSpecial} = NL_{Oct\ 2020} + \dots + NL_{Dec\ 2021}$$

